Ceisteanna Coitianta faoi Chiorclán 0019/2021

Socruithe foirne i mBunscoileanna don scoilbhliain 2021/22

Márta 2021

Ba chóir an doiciméad seo a léamh i gcomhthéacs Chiorclán 0019/2021.

Leithdháiltí

1. An scríobhfaidh an Roinn chuig mo scoil maidir lena soláthar foirne don scoilbhliain 2021/212?

Is éard atá i gCiorclán 0019/2021 ná fógra ón Roinn do gach scoil maidir lena leibhéil foirne don scoilbhliain 2021/22. Ceanglaítear ar scoileanna na socruithe sa Chiorclán a chomhlíonadh gan fógra aonair á chur ón Roinn chuig gach scoil.

2. Cá mhéad post príomhshrutha a bhfuil teideal ag mo scoil orthu?

Seiceáil an sceideal a bhaineann le do scoil in **Aguisín A** de Chiorclán 0019/2021, agus bain úsáid as rollú na scoile ar 30 Meán Fómhair 2020 lena fháil amach cá mhéad múinteoir ranga príomhshrutha a bheidh ag an scoil don scoilbhliain 2021/22.

Ba chóir do bhainistíocht scoile a thabhairt faoi deara nach gceadaítear úsáid a bhaint as acmhainní breise múinteoireachta a leithdháiltear ar scoileanna, mar shampla Múinteoir Oideachais Speisialta, poist lán-aimseartha EAL, etc, chun cóimheas idir daltaí agus múinteoir a laghdú, agus go gcaithfear iad a úsáid le haghaidh na tacaíochta ar leith mar a leithdháiltear í.

3. Tiocfaidh méadú suntasach ar rolluithe i mo scoil don chéad scoilbhliain eile. An ndéanfar soláthar ar bith dó sin?

Is féidir le scoileanna a réamh-mheasann go mbeidh méadú suntasach ar an rollú do Mheán Fómhair 2021 iarratas a chur isteach ar stádas scoile i mbéal

forbartha. Tá na socruithe dó sin leagtha amach i gCuid 1 de Chiorclán 0019/2021.

4. **Céard é an próiseas má tá múinteoir i mo scoil ar bronnadh (CID) air nó uirthi sa scoilbhliain 2021/22?**

   Caithfidh an Fhoirm Dearbhúcháin CID21 a líonadh amach agus í a chur faoi bhráid na Rannóige Leithdháileadh Bunmhúinteoirí faoin 21 Aibreán 2021.

5. **Céard é an próiseas má tá múinteoir i mo scoil a mbronnfar CID air ag tús na scoilbhliana 2021/22?**

   Is gá Foirm CIDApp(21/22) (Aguisín H) a líonadh amach agus a chur faoi bhráid na Rannóige Leithdháileadh Bunscoileanna faoin 21 Aibreán 2021.

An Leithdháileadh Múinteoirí Oideachais Speisialta

1. **Conas a bheidh a fhios agam faoin leithdháileadh Múinteoir Oideachais Speisialta (MOS) atá agam?**

   Cuireadh in iúl do na scoileanna faoina leithdháileadh ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Leagtar amach in Aguisín C de Chiorclán 0019/2021 na poist lánaimseartha, na poist chomhroinnte agus na huaireanta páirtaimseartha i ngach scoil.

2. **Cad a dhéanfaidh mé má mheasaim go bhfuil an leithdháileadh do Mhúinteoir Oideachais Speisialta a leagtar amach do mo scoil mícheart?**

   Chuir an NCSE an próiseas in iúl do scoileanna maidir lena leithdháileadh do Mhúinteoir Oideachais Speisialta a achomharc.

3. **Scoil nuabhunaithe/nuachónasctha is ea mo scoil don scoilbhliain 2021/22. An bhfaighfidh mo scoil an leithdháileadh do Mhúinteoir Oideachais Speisialta?**

   Ríomhfaidh an Rannóg Oideachais Speisialta an leithdháileadh do scoileanna nuabhunaithe agus scoileanna nuachónasctha.

4. **Bhí mo scoil i socrú braislithe maidir le Múinteoir Oideachais Speisialta (MOS) don scoilbhliain 2020/21. Cad a tharlaíonn don socrú braislithe sin?**

Tá an cnuasach a bhí ag do scoil don scoilbhliain 2020/21 fós i bhfeidhm don scoilbhliain 2021/22.

5. **Má tá uaireanta páirtaimseartha ag mo scoil agus má tá sí in ann anois cnuasphost lánaimseartha a dhéanamh le scoil (eanna) eile, cad ba chóir dom a dhéanamh?**

Ní mór don scoil bhunáite Foirm maidir le Múinteoir Oideachais Speisialta MOS Cnuasach 2021 atá le fáil in Aguisín D de Chiorclán 0019/2021 a chomhlánú, arb é an fógra é don Roinn ina dtugtar sonraí maidir le do scoile agus maidir le haon duine eile atá sa chnuasach. Ní mór do gach scoil sa chnuasach an fhoirm a shíniú sula gcuireann an scoil bhunáite í faoi bhráid na Roinne í. Ní mór an fhoirm a chur isteach faoin 21 Aibreán 2021.

6. **Tá líon ard daltaí a dteastaíonn tacaíocht EAL uathu i mo scoil. Cad iad na socruithe do thacaíocht teanga do na daltaí sin?**

Tugtar leithdháileadh Múinteora Oideachais Speisialta do gach scoil. Tá neamhspleáchas ag scoileanna maidir leis an tslí leis an acmhainn a úsáid idir tacaíocht teanga agus tacaíocht foghlama.

Coinneoidh scoileanna le post buan/poist bhuana sa Bhéarla mar Theanga Bhreise sa scoilbhliain 2020/21 an post/na poist sin don scoilbhliain 2021/22. Tá na scoileanna a fhaigheann na poist sin liostaithe in Aguisín C de Chiorclán 0019/2021. Ní bheidh aon phost buan breise sa Bhéarla mar Theanga Bhreise ceadaithe do scoileanna don scoilbhliain 2021/22.

Ina theannta is féidir le scoileanna le rollú ard de dhaltaí EAL a bhfuil tacaíocht EAL de dhíth orthu (daltaí a bhfuil inniúlacht níos lú ná B1 (Leibhéal 3) acu) achomharc a dhéanamh chuig an mBord Achomharc um Fhoireann Bhunscoileanna le haghaidh tacaíocht bhreise EAL. Tá incháilitheacht ar iarratas a chur faoi bhráid an Bhoird Achomharc teoranta do na scoileanna sin ina bhfuil 20% ar a laghad den rollú comhdhéanta de dhaltaí a dteastaíonn tacaíocht EAL uathu. Díreofar é seo go príomha ar líon na ndaltaí a bhfuil tacaíocht EAL de dhíth orthu, a bhfuil níos lú ná trí bliana de thacaíocht EAL faighte acu. Is ar bhonn sealadach a leithdháilfidh an Bord Achomharc poist don scoilbhliain 2021/22. Féach Cuid 4 de Chiorclán 0019/2021.

7. **Más rud é go raibh post tacaíochta teanga buan i mo scoil sa scoilbhliain 2020/21, an bhfanfaidh sé sa scoil in 2021/22?**

   Caithfidh.

Athlonnú Buanmhúinteoirí/Múinteoirí CID breise

1. **Conas atá a fhios agam go bhfuil buanmhúinteoir/múinteoir CID breise i mo scoil?**

   Leagann Aguisíní A & C de Chiorclán 0019/2021 amach formhór na leithdháiltí d'fhormhór na scoileanna. Má tá níos mó múinteoirí sa scoil ná mar atá ceadaithe de réir do leithdháileadh, tá múinteoir(í) sa bhreis ar riachtanais na scoile.

2. **Cad ba chóir dom a dhéanamh má tá buanmhúinteoir/múinteoir ar sealbhóir CID é/í i mo scoil?**

   Ba chóir duit a shocrú go gcuirfear Foirm an Phríomhphainéil (MPF) chomhlánaithe in **Aguisín E** Chiorclán 0019/2021 ar ais chuig Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne faoin 21 Aibreán 2021.

   Tá an múinteoir incháilithe is sóisearaí sa scoil ar an gcéad duine le cur ar an bpainéal lena (h)ath-imlonnú chuig scoil eile. Mar sin féin, i gcúinsí eisceachtúla féadfaidh sé/sí cead a iarraidh ón mBord Bainistíochta / BOO go gcuirfí múinteoir incháilithe eile ina (h)ionad ar an bpainéal.

   Má iarrann an múinteoir incháilithe is sóisearaí go ndéanfaí duine eile a chur ina (h)ionad ar an bpainéal, ní mór d'aon mhúinteoir eile ar spéis leis/léidul ar an bpainéal é sin a chur in iúl don Chathaoirleach / POF laistigh de chúig lá oibre.

   Breithneoidh an Bord Bainistíochta / BOO an t-iarratas ón gcomhalta foirne. Is é an Pátrún an cinneadh deiridh chun múinteoir a ligean isteach ar phainéal, agus tabharfar na cúiseanna dó nó di nuair a bheartaítear é nó í a chur in ionad an mhúinteora incháilithe is óige.

   Ní mór Foirm an Phríomhphainéil (MPF) a bheith líonta isteach ag an múinteoir breise atá le cur ar an bpainéal agus ag an gCathaoirleach / POF.

Ní mór Foirm an Phríomhphainéil a chur chuig an Roinn faoin 21 Aibrean 2021.

Folúntais a Chur in Iúl

1. Cé a chaithfidh mé a chur ar an eolas go bhfuil folúntas i mo scoil?

Tá ceanglas ar gach Bord Bainistíochta/BOO a oibreoir painéil ábhartha (rúnaí deoise, srl.) a chur ar an eolas 21 Aibrean 2021 faoi theacht folúntas bhuan agus folúntas téarma seasta don scoilbhliain 2021/22.

Ar leithligh, beidh an Rannóg um Leithdháileadh Bunscoile ag eisiúint Foirm Pleanála Foirne do gach bunscoil. Ní mór do scoileanna an Fhoirm Pleanála Foirne chomhlánaithe a sheoladh ar ais chuig an Rannóg um Leithdháileadh Bunscoile ag léiriú stádas na foirne don scoilbhliain 2020/21 agus na folúntais dá bharr. Ní mór é sin a dhéanamh roimh 29 Aibreán 2021.

Ní mór aon fholúntas buan nó téarma seasta ina dhiaidh sin a chur in iúl laistigh de 5 lá oibre ón dáta is eol don Chathaoirleach / POF nó don Phríomhoide faoin bhfolúntas.

Tá ceanglas ar scoileanna a bhfuil folúntais ranga speisialta iontu agus ar scoileanna speisialta a bhfuil folúntais iontu ar féidir iad a líonadh ón bPainéal Náisiúnta Speisialta, na folúntais sin a chur in iúl don Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí. Ba chóir sin a dhéanamh trí ríomhphost a sheoladh chuig primaryallocations@education.gov.ie laistigh de na creataí ama thuas.

2. Cad é an scéal mura bhfuil rochtain ag mo scoil ar phainéal athlonnaithe?

Ní mór do scoileanna nach bhfuil rochtain ar phainéal athlonnaithe, a gcuid folúntas buan agus téarma seasta go léir a chur in iúl do Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne laistigh de na tréimhsí ama céanna a luaitear thuas. Ba chóir é sin a dhéanamh trí ríomhphost a sheoladh chuig primaryallocations@education.gov.ie

3. Cad a dhéanfaidh mé má bhíonn folúntas sealadach (téarma seasta) agam?

Ní mór duit an folúntas sin a chur in iúl don oibreoir painéil laistigh de na frámaí ama a leagtar amach i gCiorclán 0019/2021. Má bhíonn múinteoir ar sealbhóir CID é/í sa bhreis sa scoil, ní mór go bhfanfaidh sé/sí sa scoil agus go nglacfaidh sé/sí leis an bpost téarma seasta. Má tá buanmhuinteoir ó do scoil ar an bpríomhphainéal athlonnaithe ar mian leis/léi a c(h)earta painéil a

chur siar agus glacadh leis an bpost téarma seasta don scoilbhliain 2021/22, is féidir leis/léi é sin a dhéanamh. Seachas sin caithfear é a chur ar fáil, más gá, le líonadh ag buanmhúinteoir/múinteoir CID ar bith eile sa bhreis atá ar an bpríomhphainéal athlonnaithe.